An logainm *Whinning*, Co. na hIarmhí, agus *inneoin* mar eilimint i logainmneacha

Leithinis mhór (239 acra) atá sa bhaile fearainn *Whinning*, a ghobann amach ar Loch Rí, agus atá suite i bparóiste Bhun Abhann, barúntacht Chill Chainnigh Thiar, Co. na hIarmhí. *Inneoin* 'anvil' (FGB) is bun leis an ainm; féach foirm 2 thíos go háirithe: *enoyne* < *inneoin*.[1] Is cosúil gurb é cruth na leithinse féin is údar don ainm. Tá cruth inneonach le sonrú go soiléir ar imlíne na leithinse ón talamh ard i gCoill an Iúir Thuaidh, baile fearainn atá ar an taobh thoir theas de *Whinning*.

Whinning	**An Inneoin** *'the anvil(-shaped place)'*	
1. Evoyne	*Inq.* Jac. I, 1	1607
2. Enoyne	*CPR* Jas. I, 125a	1608
3. the Onnyn	*Inq.* Jac. I, 5	1611
4. the Ounyne	*CPR* Jas. 228b	1612
5. Whinnig	DS: Bar.	1655c
6. Whinning	DS: Par.	1655c
7. Fuinn	*Census* 526	1659c
8. Wining	Hib. Del.	1667c
9. Whinings	*Inq.* Car. II, 5	1669
10. Whinning	BSD 16b	1670c
11. Whinnings	BP 124	1703
12. Winnings	*Larkin (IM)*	1808
13. Whinnings,	TAB	1826
14. Little Whinnings	TAB	1826
15. Whinning belonging to Portlicke	AL: Down Survey Map	1838
16. Whinning	AL: JOD	1838
17. Whinning	AL: BS	1838
18. Whinnings	AL: HCSVR (1824)	1838
19. w – h – innion	AL: pl.	1838
20. fuinnion	AL: pl.	1838
21. Fuinion[2]	AL: d.	1838
22. /ˈhwɪnʲˌən'/	Pateen Slevin[3]	2007
23. /ˈhwɪnʲˌən'/	John Harte[4]	2013

D'fhéadfadh gur ceanglaíodh *f*- próistéiteach le tús na heiliminte *inneoin* trí mhíthuiscint sa tuiseal ainmneach: *An fh(u)inneoin* < *An Inneoin*. *F(u)inneoin* mar sin is bun le foirmeacha 7 agus 20. Leagan tabharthach de sin, b'fhéidir, is bun leis an *wh*- i bhfoirmeacha Béarlaithe 5, 6 & 8-19 & 22, 23: < *ar an <u>bhf</u>(u)inneoin*. Is minic a fhreagraíonn *wh*- an Bhéarla do *f*- na Gaeilge áfach; cf. *White*/*de Faoite*, *whiting*/*faoitín*. B'fhéidir gurbh éard a bhí i leaganacha ar nós *Whinning* ná litriú Béarlaithe de *F(u)inneoin. Tá fianaise ar an alt i bhfoirmeacha 3 & 4: *<u>the</u> Onnyn*, *<u>the</u> Ounyne*. Ba ghnách le Seán Ó Donnabháin, le linn a chuid oibre leis an

[1] Is mar /ɪnʲoːnʲ/ a fuaimníodh *inneoin* i gCeathrú an Tairbh, Co. Ros Comáin. Is ionann Ceathrú an Tairbh agus pointe 32 ar atlas Wagner, agus is é an pointe sin an ceann is giorra aige do *Whinning* (tá *c.*20km idir an dá áit). Féach Heinrich Wagner, *Linguistic atlas and survey of Irish dialects* (Baile Átha Cliath 1958), iml. I, 194.

[2] '-, end, limit, mear, extremity.' AL: d (Seán Ó Donnabháin).

[3] *c.*85, iascaire agus feirmeoir. Rugadh agus tógadh ar Inse Toirc, oileán ar Loch Rí.

[4] *c.*78, pláistéir. Tógadh ar Inse Mór é lena sheanthuismitheoirí. Is é Inse Mór an t-oileán is mó ar Loch Rí.

tSuirbhéireacht Ordanáis, foirmeacha áitiúla a bhreacadh le peann luaidhe ar leathanach 2 in Ainmleabhair na Suirbhéireachta (AL). Foirmeacha áitiúla atá i bhfoirmeacha 19 & 20, a bailíodh, is maith an seans, ó Ghaeilgeoirí an cheantair in 1838 – scríobhadh an dá fhoirm sa chló Gaelach (ach an *w* i bhfoirm 19), rud a thabharfadh le fios gur ó Ghaeilgeoirí a bhreacadh iad. Is díol suntais go bhfuil ceann acu seo, foirm 19, ag teacht, cuid mhaith, le foirm áitiúil an lae inniu: /ˈhwɪnˌən'/ (22 & 23).

Tá píosa talaimh atá beagnach ina oileán ag pointe thiar theas na leithinse; *Whinningbeg Isd*. a thugtar ar an gceantar seo ar an *CESO*. D'fhéadfaí cruth inneonach a shamhlú don áit seo chomh maith. Ar an taobh ó thuaidh den leithinis tá gob marcáilte *Whinningmore Pt.* Is dócha go raibh an dá áit ann uair amháin; *An Inneoin Mhór* agus *An Inneoin Bheag*. Is maith an seans gurb é seo is cúis leis na foirmeacha Béarlaithe iolra (foirmeacha 9-14 & 18).

Dealraíonn sé go bhféadfadh gur *inneoin* is bun leis an ainm baile fearainn *Winnings*,[5] i dtuaisceart Cho. Bhaile Átha Cliath, freisin. Bhain mé na foirmeacha thíos, den chuid is mó, as cartlann an Bhrainse Logainmneacha.[6]

Winnings	**An Inneoin** nó New Inning? *'the anvil'*	
1. le Oldewonnyng	*RPat. Cl.*, 266 §9	1451-52
2. Newynnyngs	*HSP*, 54	1547
3. Newynnyng	*Fiants* §31	1547
4. Oldwynnyng	*Fiants* §34	1547
5. Newings	*Court Bk.*, 6	1586
6. Newinings	*Court Bk.*, 6	1586
7. Newyng	*Inq.* Jac. I, 28	1617
8. Newnnings	*CS* VII, 33	1654
9. Newinge	DS: Par.	1655c
10. Newing	DS: Bar.	1655c
11. Newnings	DS: Ter.	1655c
12. Newimings	Census 387	1659c
13. Numings	*HMR* (BÁC) 415	1664
14. Newonnyon	*HMR* (BÁC) 411	1664
15. Winnings	AL: BS	1836
16. Winnings	AL: A. Hussey Eq.[7]	1836
17. Winnings	AL: Rev. Baker[8]	1836
18. Wynnings	AL: Copy of Tithe Comp.	1836
19. Newinge	AL: DS	1836
20. na muinidhe[9]	AL: d.	1836

Tá na foirmeacha stairiúla anseo cosúil go maith le cuid de na foirmeacha de *Whinning* thuas, agus b'fhéidir gur foirm Ghaeilge den chineál céanna is bun leo. Fianaise ar an alt is

[5] BLÉ 16866. Foirm traslitrithe atá san fhoirm Ghaeilge a mholtar ansin: *Uininn*.
[6] Táim fíorbhuíoch den Dr Pádraig Ó Cearbhaill, An Brainse Logainmneacha, as ucht an t-ábhar seo a chur ar fáil dom.
[7] Finné in AL.
[8] Finné in AL.
[9] '-, the brakes?' AL: d (Seán Ó Donnabháin).

ea an mhír *le* i bhfoirm 1. D'fhéadfadh gur fianaise ar an alt uatha atá san *ne-* tosaigh i bhfoirmeacha 2-3, 5-12 & 14 & 19 (féach, mar shampla, *Naul* < An Aill, atá dhá chiliméadair siar ó dheas de *Winnings*). Más ceart an méid sin, foirm thabharthach, móide *f-* próistéiteach, is bun leis na foirmeacha Béarlaithe. Féach foirm 14 go háirithe: *Newonnyon* < *an bhf(u)inneoin*? Feictear dom go bhfuil féidearthacht eile ann, más ar éigean é; gurb é an t-alt iolra is bun leis an *ne*-tosaigh: *ne* < *na*. Tugann an t-idirdhealú a dhéantar idir *Oldwynnyng* agus *Newynnyng* sna *Fiants* (3 & 4 thuas), agus an fhoirm *s-* iolra a léirítear i gcuid mhaith de na foirmeacha, le fios dúinn go mbíodh dhá roinn den áit seo ann tráth, seachas ceann amháin, agus go ndearnadh tagairt don áit san iolra dá réir. D'fhéadfadh gur foirm ghinideach iolra, a tháinig isteach in áit an ainmnigh: *Newonnyon > Na bhF(u)inneon*?,[10] a bhí ann, ach bheadh orainn neamhaird a dhéanamh den mhír Bhéarla *old-*, a léirítear in dhá fhoirm luatha, le go dtiocfadh an argóint seo slán. Is amhlaidh an scéal leis an gcéad argóint thuas, is é sin *ne-* a léamh mar an t-alt uatha, agus ní mar *new-*, eilimint Bhéarla.

Más forás éigin ar an bhfocal *inneoin* atá i gceist anseo, measaim gur fianaise ar *-n-* caol na Gaeilge na litreacha *-ng* ag deireadh foirmeacha 1-13 agus 15-19,[11] rud a thacódh le foirm uatha san ainmneach (*-ynnyng* < *inneo<u>in</u>*/*innea<u>in</u>*?), seachas foirm iolra (inneonacha/inneonta). Léamh ar an scéal is ea glacadh le *old* agus *new* mar mhíreanna aistrithe Béarla a thagraíonn do dhá roinn faoi leith den áit seo: *an bhf(u)inneoin nua* agus an *seanfh(u)inneoin*.

Ní léir dom aon ghné aiceanta sa bhaile fearainn seo a bhféadfadh *anvil* nó *bluff* a shamhlú leis. Talamh mín torthúil atá ann, ach b'fhéidir gur ó chloch a raibh cruth inneonach uirthi a ainmníodh é, nó go mbíodh an cruth sin ar pháirc éigin ann.[12]

Léamh eile ar an scéal, go háirithe má thugtar suntas do na míreanna *new-* agus *old-* mar eilimintí Béarla, is ea bunús sa Bhéarla a bheith ag an logainm seo. Ainmneacha de bhunús Béarla is ea formhór na logainmneacha traidisiúnta a tháinig anuas chugainn i gceantar na hAille i dtuaisceart Cho. Bhaile Átha Cliath agus i gceantar máguaird na Mí. Níor mhiste an focal Béarla *inning* a fhaightear i logainmneacha i Sasana a chur san áireamh sa chás seo. Féach *inning* 'a piece of land taken in or enclosed ... is fairly freq[uent] in ME [Meán-Bhéarla] f.n.s [field names]'.[13] Tá samplaí d'úsáid an fhocail i logainmneacha in imleabhair de chuid an English Place-Names Society, ar nós *The place-names of Essex*, s.v *Ninnings*:

> In EmodE [Nua-Bhéarla Moch] *inning* is used of "the action of taking in, inclosing, etc."[14] It is used particularly of the reclaiming of marsh or flooded land ... Here it is

[10] Cf. an fhoirm ghinideach iolra seo: 'Glēs a <u>hindeón</u> comdad cúar / The tuneful ring of its even-coloured bent anvils'. Kuno Meyer, *Hail Brigit: An Old-Irish poem on the hill of Alenn* (Baile Átha Cliath 1912), 14-15. Féach, freisin, *eDIL* s.v. *indeóin* 'gp. [ginideach iolra] a hindeón'.

[11] Cf. an fhoirm kʌń ïɲ (= /konˈıɲ/ < coinín) a chuala Ó Searcaigh i gCo. Mhuineacháin – Séamus Ó Searcaigh, *Foghraidheacht Ghaedhilge an tuaiscirt* (Baile Átha Cliath 1925) § 295. Táim buíoch den Dr Conchúr Mag Eacháin as ucht an fhoirm seo a chur ar mo shúile dom.

[12] Féach *eDIL* s.v. *indeóin*: 'Lia Con inneoin na n-aigead (of a very productive place)' ach aistríonn Ó Muraile an líne seo mar 'Lia Chon, the anvil [=support] of the guests', *LGen.* 288.2b, agus measann sé nach bhfuil aon bhunús leis an bhfrása 'a very productive place' – níl ann ach athrá ar líne 3 sa rann céanna: 'do chách fa teann a thoradh' [to everyone its produce was substantial]. Ní dóigh liom go mbaineann sé leis an bhfocal *inneoin*.' N. Ó Muraíle, teagmháil phearsanta leis an údar.

[13] Albert Hugh Smith, *English place-name elements* (Cambridge 1956), I, 304.

[14] Athfhriotal é seo ar *OED*, s.v. *inning* (2a.).

> used in a more general sense. In Ninneywood (Bk) [Buckinghamshire] it is used of enclosing woodland! Cf. *Lez West Innynges* in Houghton Regis (Beds) [Bedfordshire] 1430 … and *Newynnyng* (1548) … in Byfleet (Sr.) [Surrey]'.[15]

Ní maith a réitíonn an moladh seo le *-w* na bhfoirmeacha *le Oldewonnyng* (1) agus *Oldwynnyng* (4) i gcás logainm Bhaile Átha Cliath áfach. B'fhéidir gurbh as foirm ar nós **Newynnyngs* a d'eascair an *w-* ar dtús. Tríd is tríd, is mór an seans gur de bhunadh an Bhéarla an logainm seo, agus gur foirm éigin ar nós **New Inning* is bun leis. Féach foirmeacha 6, 8 & 11 go háirithe.

Tá baile fearainn gar do Fhíodh Ard, Co. Loch Garman, darb ainm *Winningtown*, agus ceann eile darb ainm *Weneytown* (*Winningtown* go stairiúil), in aice le Dún Chormaic, sa chontae chéanna. Is mór an seans gur sloinne Angla-Normannach is bun le *winning* sa dá chás sin.[16]

Tá samplaí eile d'*inneoin* mar eilimint i logainmneacha na hÉireann agus na hAlban.[17] Luaitear an eilimint seo in ainmneacha gnéithe cósta go háirithe agus tugtar '(a) Bluff. (b) Small landing creek' mar chialla eile ag *inneoin* in *FGB*. An Inneoin[18] atá ar chaladh an Bhlascaoid Mhóir agus Inneoin Inis na Bró[19] atá ar chaladh Inis na Bró, oileán eile de na Blascaodaí. I gcás Inneoin an Bhlascaoid Mhóir, mheas An Seabhac gurbh í an inneoin 'an charraig atá ag cosaint cuas an chalaidh ón dtaobh theas'.[20] Gné ar chósta Dhubhoileán Mór, Co. Mhaigh Eo, is ea An Inneoin leathan.[21] Tá an eilimint *íneán* nó *ingeán* le fáil i gcuid mhaith ainmneacha gnéithe cósta ar Reachlainn, Co. Aontroma. Cé go bhféadfadh *innean* < *inneoin* a bheith i gceist i roinnt cásanna, áitíonn Gregory Toner[22] gur focal eile, *eang*, leis an mbunchiall 'track, trace' nó 'a strip of land', ag brath ar an gcomhthéacs topagrafaíochta, is bun leis an eilimint *ingeán* sa chuid is mó de na hainmneacha sin.

Mullach géarchrochta, gar go Dún Balair, Toraigh, Co. Dhún na nGall, is ea An Inneoir.[23] Leagan díshamhlaithe d'*inneoin* is ea *inneoir*. Tá fianaise ar fhoirm eile den chineál seo i bhfoirm Bhéarla Ghob na hInneona, Acaill, Co. Mhaigh Eo: *Gubnahinneora point*. Is cosúil go bhfuil cuma chorr an chip ar an ngné seo.[24] Faightear *inneoir* freisin san ainm baile fearainn, agus cnoic, Tulaigh na hInneora,[25] Co. Mhuineacháin. Carraig nó oileán beag atá buailte leis an gcósta ag Dún Dubháin Íochtarach, Co. Dhun na nGall, is ea Inneoin na

---

[15] Percy Hide Reaney, *The place-names of Essex* (Cambridge 1935), 26. Táim buíoch de léitheoir anaithid *Éigse* as na samplaí de *inning* i Sasana a chur ar mo shúile dom.

[16] Deir an Dr Conchubhar Ó Crualaoich, An Brainse Logainmneacha, faoi *Winningtown*: 'While this place-name appears to be of Anglo-Norman origin its etymology is uncertain.' Saothar neamhfhoilsithe ar logainmneacha Loch Garman (le teacht).

[17] Ní phléitear aon sampla in Albain anseo ach luaitear roinnt acu in G. Toner, 'An eilimint *íneán i logainmneacha Reachlainne' *Ainm: bulletin of the Ulster Place-Name Society* VI (1994–1995), 32-37.

[18] Féach BLÉ 1394488.

[19] BLÉ 1394623.

[20] Pádraig Ó Siochfhradha, *Triocha-Céad Chorca Dhuibhne* (BÁC 1939), 85.

[21] BLÉ 1399581.

[22] D. Mac Giolla Easpaig, 'The place-names of Rathlin Island' *Ainm: bulletin of the Ulster Place Name Society* IV (1989–1990), 3-89.

[23] BLÉ 1397242.

[24] BLÉ 114246.

[25] BLÉ 39868 & 1414591. Tá an cnoc marcáilte ar an taobh ó dheas ar fad den bhaile fearainn ar an *CESO*. Measaim gur 'bluff' an chiall atá ag *inneoir* sa chás seo, agus topagrafaíocht an chnoic scrúdaithe agam ar an léarscáil: http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,678203,814393,5,3.

nGabhar.[26] Tá sé chomh beag sin nach léir an cruth atá air i bhfoinsí aer-ghrianghrafadóireachta.[27] Scéal eile is ea An Inneoin[28] nó *Ingon Island*, i gCo. Mhaigh Eo. Oileán beag, nó leithinis aimsir an tsamhraidh, ar bhruach Loch Measca atá ann agus tá cruth inneonach ar a imlíne cinnte.

Seacht gciliméadar soir ó dheas ó *Ingon Island*, ar bhruach an locha céanna, tá Caisleán Bhaile Inneonach nó *Ballindeonagh Castle*[29]. Tá an caisleán seo suite sa chuid is faide thoir den bhaile fearainn Ceapach na gCapall (alias Petersburgh), i gCo. na Gaillimhe.[30] D'fhéadfaí imlíne inneonach a shamhlú le leithinis bheag atá díreach ó thuaidh ón gcaisleán, ach tá an chuma ar an scéal go dtagraíonn *Baile Inneonach* don bhaile fearainn ar fad, nó do chuid mhór de. Bronnadh 541 acra 'of Ballynonagh and surrounding area by royal grant dated 30 June 1681' ar Maurice Lynch.[31] Luaitear *Ballynonagh* mar 'village' i gCeapach na gCapall san AL.[32] Thug roinnt daltaí scoile *Baile Neonach* nó *Baile Nónach* mar sheoladh acu féin in ábhar á bhailigh siad ón gceantar do Bhailiúchán na Scol sna 1930idí.[33] Is spéisúil an rud é nach luaitear Ceapach na gCapall mar sheoladh in imleabhair an dá scoil áitiúla. Tá leithinis eile, a bhfuil cruth inneonach uirthi, agus atá suntasach go maith, suite ag pointe thuaidh an bhaile fearainn, in aice le Droichead an tSnámha,[34] d'fhéadfadh gur as an ngné sin a tháinig an t-ainm Baile Inneonach. Foirm Bhéarlaithe spéisiúil is ea *Ballindeonagh* (*CESO*), a mheabhraíonn an fhoirm *indeoin* dúinn. D'fhéadfadh gur Ruairí Ó Flaithbheartaigh (foirmeacha 18 & 19) an chéad duine a scríobh mar sin í, ar mhaithe, b'fhéidir, le cuma na hársaíochta a chur ar an bhfocal.

Ballindeonagh	**Baile Inneonach** *'townland of [the] anvil'*	
1. Ballenonagh	*Fiants* §3715	1581
2. Ballynonaghe	*Fiants* §4698	1585
3. Baleineonagh	*CBC* 53	1585
4. Ballynenagh	*CBC* 56	1585
5. Ballyinnenagh	*CBC* 59	1585
6. Ballynonagh	*CBC* 62	1585
7. Bally Ineonaghe	*Fiants* §4874	1586

[26] BLÉ 1397385. Luann Nóirín Mhic Ualghairg an méid seo in aiste neamhfhoilsithe a scríobh sí ar logainmneacha Ros Goill 'Unninnagore: Carraig bheag atá suite giota amach ón chósta. Ní raibh mé ábalta a theacht ar aon mhíniú áitiúil, ach 'sé mo bharúil féin ná gurb é atá i gceist ná an focal inneoin, áit le bádaí teacht i dtír' (dar le Dónall Mac Giolla Easpaig, i gcomhfhreagras pearsanta leis an údar). Cf. an eilimint **ineán* atá pléite in Toner, **íneán i logainmneacha*.

[27] Is iad na foinsí léarscáilíochta agus aer-ghrianghrafadóireachta a scrúdaigh mé agus an t-alt seo á réiteach agam ná léarscáileanna agus ortafótagrafaíocht na Suirbhéireachta Ordanáis (www.osi.ie) agus léarscáileanna ortafótagrafaíochta Microsoft (http://www.bing.com/maps/).

[28] BLÉ 1399578.

[29] BLÉ 1397440.

[30] BLÉ 20632

[31] LED: Eastáit Lynch (Petersburg). Ar fáil ag http://landedestates.nuigalway.ie/LandedEstates/jsp/estate-show.jsp?id=509. Ní thugtar an bhunfhoinse don tagairt seo in LED.

[32] Bhain mé leas as an leagan tras-scríofa de AL na Gaillimhe atá ar fáil ar an suíomh Placenames of Galway. Ar fáil ag http://places.galwaylibrary.ie/asp/fullresult.asp?id=55581.

[33] Scoil: Clochar ar an bhFáirche, iml. 76, 4 (*Baile Nónach*), 146, 173, 174 (*Baile Nonach*), 70, 126, 145, 148, 154, 155, 156, 173, 174 (*Baile Neonach*) agus 70 (*Baile Neónach*). Ar fáil ar líne ag http://www.duchas.ie/en/cbes/4622985.

[34] BLÉ 1399406.

8. Ballynonagh	LS Cotton Titus B XIII, 399[35]	1586
9. Ballennonagh	*Fiants* §5120	1587
10. Ballenonagh	*Fiants* §5121	1587
11. Ballynnonaghe	*Fiants* §5476	1590
12. Bally Inonagh	*Fiants* §6016	1596
13. Castell de Ballennonagh	Inq. Jac. I, Iml. I, 199	1611
14. Castrum et vill de Bally Inneonagh	Inq. Jac. I, Iml. I, 215	1613
15. Ballimonagh	Hib. Del.	1667c
16. Ballynonagh	*BSD* 38	1670c
17. Ballynonagh	LED	1681
18. Balyndeonagh	*Iar Conn.*, 17	1684
19. Ballyndeonagh Castle	*Iar Conn.*, 47	1684
20. Ballynonagh	LÉ Blake, 21 F. 74 (4)	1751 nó 1791[36]
21. Ballynoonagh	*Larkin (Ga)*	1819
22. Ballynonagh	Local:AL	1839
23. Baile Indeónach	AL	1839
24. Ballynonagh	AL	1839
25. Baile Inneonagh	*Iar Conn.* 45, h	1846[37]
26. Baile Neonach	BNS	1937–38
27. Baile Neónach	BNS	1937–38
28. Baile Nónach	BNS	1937–38
29. Baile Nonach	BNS	1937–38
30. /ˌbɑlʲəˈnʲuːnəx/[38]	Áit.	2014

Is é An Inneoin[39] atá mar ainm ar bhaile fearainn in aice le Cúil Mhuine, Co. Shligigh. Is spéisiúil an leagan Béarlaithe anseo, *Union*. D'fhéadfadh go dtagraíonn *inneoin* don éadan mór carraige atá suite i lár an bhaile fearainn (133m). Tá an gné seo marcáilte *Union Rock* ar *SO:1:2500* agus shamhlófaí 'bluff': 'A cliff or headland with a broad precipitous face'[40] go héasca leis. Is fiú a lua, ag an bpointe seo, ceann de na mínithe atá ag Dinneen ar *inneoin*: 'in place names *gnly.* A hill or bluff'.[41]

Dealraíonn sé, b'fhéidir, gur gné den chineál seo is údar don ainm abhann An Inneoin, Co. na hIarmhí. Cloíonn an chuid íochtarach den abhainn seo leis an teorainn idir an Iarmhí agus an Longfort, go dtí go mbuaileann sí An Eithne gar go Loch Rí. Tugtar an *Tang River* (< *Teanga* 'tongue [of land]')[42] ar an gcuid seo den abhainn. Is ionann an teorainn idir barúnacht Chill Chainnigh Thiar agus Ráth Conarta, Co. na hIarmhí agus an chuid uachtarach den abhainn agus tugtar *Dungolman River* ar an stráice sin. Ainm baile fearainn is ea *Dungolman* < Dún gColmáin 'fort of Colmán'.[43] Tá lúb mhór san abhainn ag Dún gColmáin, áit a choinníonn an abhainn le himeall cnoic suntasaigh (81m) a bhí sa bhaile fearainn go dtí

[35] Luaite ag James Hardiman in *Iar Conn*., 44-45, g.
[36] Ní léir ar cheart an dáta a léamh mar 1751 nó 1791 ar an mbunléarscáil.
[37] Foirm de chuid James Hardiman luaite in nóta (h), in *Iar Conn.*
[38] Is mar /ɪnʲuːnʲ/ a fuaimníodh *inneoin* ag Corr na Móna (pointe 49) agus Loch na Fuaiche (pointe 50), an dá phointe is giorra go Baile Inneonach ar atlas Wagner. Féach Wagner, *Linguistic atlas*, iml. 1, 194.
[39] BLÉ 45234.
[40] *OED* s.v. *bluff*, n.1a.
[41] Féach chomh maith, *Dinneen* s.v. *inneoin*: 'a pool; occurs in place names'.
[42] Ainm leathpharóiste Caitlicigh agus mioncheantair cois na habhann is ea Teanga. Féach BLÉ 137368.
[43] Cf. Paul Walsh, *The placenames of Westmeath* (Baile Átha Cliath 1957), 332.

le deireanas, agus a chuir bac mór nádúrtha roimh chonair na habhann.[44] Tá roinnt mhaith tagairtí i bhfoinsí Gaeilge don áit seo, agus is cosúil go raibh áth tábhachtach ann tráth:[45] 'Sluaighedh lá Muirchertach, mac Néill Uí Lochlainn co h-Ath Dúini Calman for Indeóin.'[46] Ó thaobh na topagrafaíochta de, d'fheilfeadh *inneoin*, sa chiall 'bluff', go maith don chnoc i nDún gColmáin, agus éadan mór leathan aige (ardú *c.*30m) os cionn lúb na habhann.[47] Is dócha nach de thaisme a mhair an t-ainm *Dungolman River* mar ainm ar an abhainn seo, agus gur saghas macalla é ar an ainm a bhí uirthi roimhe, An Inneoin – ainm a thagair don chnoc os cionn an átha ag nDún gColmáin i dtosach, is maith an seans.

Sa tagairt don abhainn seo in Táin Bó Cúailnge (atheagar 1[48] & Leabhar Laighneach), luaitear í san ord seo: 'for Ord, for Slaiss, for Inndeóin'.[49] Is díol suime gur cuireadh Ord agus Inneoin in aice a chéile sa liosta. Sa seanscéal Toirche na nDéise tugtar le fios go raibh dhá logainm, Ord agus Inneoin (ónár tháinig Mullach Inneona, Co. Thiobraid Árann: '*hilltop of (the) anvil-like hill?*')[50] cóngarach dá chéile chomh maith.[51] Dealraíonn sé go raibh imeartas focal á dhéanamh ar uirlisí na ceárta, rud a thaispeánfadh go bhfacthas cosúlacht idir an uirlis agus an logainm.

Samplaí eile d'*inneoin* in ainmneacha bailte fearainn is ea Droim Inneona, Co. Ros Comáin; Baile Inneona Thuaidh agus Baile Inneona Theas, Co. Chorcaí;[52] Tulaigh na hInneona, Co. Aontroma agus Baile an Inneonaigh[53] Thiar/Thoir i gCill Chainnigh. Luann P.W. Joyce cuid de na samplaí seo agus é ag plé '*anvils*' i logainmneacha na hÉireann agus tá an méid seo le rá aige ina dtaobh: 'Several townlands and natural features have got names from anvils; we may, I suppose, infer that at some former time there was a forge at each of these places.'[54] Ach, tar éis dom léarscáileanna agus foinsí aer-ghrianghrafadóireachta a scrúdú, measaim gur mór i bhfad an seans gur cnoc nó '*bluff*' is bun leis an eilimint *inneoin* sna hainmneacha sin.

Tá, go cinnte, an iliomad samplaí eile d'*inneoin* i logainmneacha nár luadh san alt gearr seo, go háirithe i measc ainmneacha mionghnéithe. I bhfianaise na samplaí a pléadh, áfach, is dócha nár mhór a bheith ag súil le gné éigin sa tírdhreach a mheabhraíonn cruth nó comhchosúlacht na hinneonach dúinn i mbunáite dá bhfuil acu ann.[55]

---

[44] Tá clais mhór ghainimh ann anois.

[45] *Onom*. s.v. 'indeóin' agus 'á[th]. dúine calman'.

[46] *ARÉ* 1155.11. Is é Seán Ó Donnabháin a d'aithin an áit i dtosach. Féach *ARÉ* II, 1115m.

[47] OSI ar líne: http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,619532,747587,5,1 Discovery Series N 194 477.

[48] Cecile O'Rahilly, *Táin Bó Cúailnge Recension I* (BÁC 1976), 4. Ar fáil ar líne ag CELT: The Corpus of Electronic Texts: http://www.ucc.ie/celt/published/G301012/index.html.

[49] Cecile O'Rahilly, *Táin Bó Cúalnge from the Book of Leinster* (BÁC 1967), 8. Ar fáil ar líne ag CELT: The Corpus of Electronic Texts: http://www.ucc.ie/celt/published/G301035/index.html.

[50] Aistriúchán an Bhrainse Logainmneacha. Féach BLÉ 48319. Tugann P.W. Joyce achoimre ghearr ar an scéal sa *Dindsenchas* maidir leis an seanainm a bhí ar an áit seo, *Inneoin*; chaitheadh Lén Lín-fhíaclach, gabha an Dagda, a inneoin uaidh chomh fada leis an áit seo ó Loch Léin ar a mbealach abhaile óna chuid oibre ansin gach lá, Patrick Weston Joyce, *The origin and history of Irish names of places* (1869, 1875, 1913), II, 202; cf. Edward Gwynn, *The metrical dindshenchas* (Dublin 1913), iml. III, dán 49. Féach CELT: The Corpus of Electronic Texts: http://celt.ucc.ie/published/G106500C/index.html.

[51] 'a hord slaitir indeoin', K. Meyer, 'The Expulsion of the Déssi' *Ériu* III (1907), 135-142 ag 141.98; cf. 'a hOrd slaitir Indeoin (a pun on the two place-names', *eDIL* s.v *ord(d)*.

[52] Níl an dá bhaile fearainn seo comhtheagmhálach.

[53] Tá fianaise ar *inneoin* a bheith firinscneach, corruair: 'indeóin f. (but gs. in indeonach', *eDIL* s.v. *indeóin*.

[54] Joyce, *Origin and history*, II, 198.

[55] Táim buíoch den Dr Liam Ó hAisibéil as dréacht luath den alt seo a léamh.

Foinsí Giorraithe

AL	Ainmleabhar paróiste de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis [ar coimeád anois sa Chartlann Náisiúnta]
AL: BS	Ainmleabhar: Boundary Survey.
AL: d.	Foirm Ghaeilge de logainm atá luaite san AL – scríofa le dúch.
AL: DS	Ainmleabhar: Down Survey.
AL: HCSVR	*House of Commons survey and valuation report 1824* (foirmeacha Béarlaithe logainmneacha, luaite san AL).
AL: JOD	Ainmleabhar: John O'Donovan (=Seán Ó Donnabháin).
AL: pl.	Foirm Ghaeilge áitiúil logainm atá luaite san AL – scríofa le peann luaidhe de ghnáth.
Áit.	Foirm áitiúil logainm a bhailigh an Brainse Logainmneacha.
ARÉ	*Annála Ríoghachta Éireann. Annals of the Kingdom of Ireland by the four masters* I-VII, eag. J. O'Donovan. BÁC, an dara heagrán 1856
BLÉ	Bunachar Logainmneacha na hÉireann. An Brainse Logainmneacha (brainse den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) i gcomhar le Fiontar (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Ar fail ag: www.logainm.ie. Tugtar uimhir bhunachair sna tagairtí don fhoinse seo – is féidir teacht ar logainmneacha ar leith sa bhunachar má chuardaítear an uimhir bhunachair atá luaite leo sa bhosca cuardaigh ar an suíomh.
BNS	Bailiúchán na Scol. Ábhar a bailíodh mar chuid de Scéim Bhéaloideas na Scol (1937–38) ag Coimisiún Béaloideasa Éireann. LSS le fáil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá an t-ábhar ó Cho. na Gaillimhe ar fáil ar líne anois ag http://www.duchas.ie/en/cbes/GA.
BP	A book of postings and sale of the forfeited and other estates and interests in Ireland. (heard September 1700 to June 23rd 1703). LS le fáil i Leabharlann Boole in UCC.
BSD	Books of Survey & Distribution, Co. Westmeath (LS sa Chartlann Náisiúnta).
CBC	*The compossicion booke of Conought*, eag. A.M. Freeman. BÁC, 1936.
Census	*A census of Ireland, circa 1659, with supplementary material from the poll ordinances (1660–1661)*, eag. S. Pender. BÁC, 1939.
CESO	An chéad eagrán den tSuirbhéireacht Ordanáis (sraith léarscáileanna), Co. na hIarmhí, 1837 & Co. na Gaillimhe, 1839.
Court Bk.	*Court book of the liberty of Saint Sepulchre within the jurisdiction of the archbishop of Dublin 1586–1590*, eag. H. Wood. BÁC, 1930.
CPR	*Irish patent rolls of James I: facsimile of the Irish record commission's calendar prepared prior to 1830*. BÁC, 1966.
CS	*The civil survey A.D. 1654–1656: county of Dublin: volume VII,* eag. R.C. Simington. BÁC, 1945.
SO:1:2500	An tSuirbhéireacht Ordanáis, sraith léarscáileanna 1:2500/25 orlach, (1897–1913).
Dinneen	*Foclóir Gaedhilge agus Béarla: Irish-English Dictionary*, eag. P.S. Dinneen. BÁC, 1927.
DS: Bar.	[Down Survey] *Hibernia Regnum* (Léarscáileanna barúntachta, Sir William Petty 1655–59. Is sa Bibliothèque Nationale, Páras, atá na bunléarscáileanna,

	baineadh úsáid as eagrán macasamhlach na Suirbhéireachta Ordanáis, Southampton, 1908, agus as na leaganacha de na léarscáileanna atá ar fáil anois ar líne ag http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php.
DS: Par.	Down Survey, learscáileanna paróiste. Baineadh leas as na leaganacha atá ar fáil ar líne ag http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php.
DS: Ter.	Down Survey, terrier, paróiste na hAille, Co. Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ar líne ag http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php#bm=Balrudderry&c=Dublin&indexOfObjectValue=-1&indexOfObjectValueSubstring=-1&p=Naule.
eDIL	Electronic Dictionary of the Irish Language – eagrán leictreonach athbhreithnithe (2013). Ar fáil ag www.dil.ie.
FGB	*Foclóir Gaeilge-Béarla*, eag. N. Ó Dónaill. BÁC, 1977.
Hib. Del.	Hibernia Delineatio, Petty, William. Ar fáil ar líne ag http://downsurvey.tcd.ie/down-survey-maps.php. Tugtar le fios ar an suíomh sin (http://downsurvey.tcd.ie/map-sources.html) gur le linn 1660–1675 a tiomsaíodh an chóip den atlas atá in úsáid acu. Is ar an mbonn sin a roghnaigh mé an dáta airmheáin 1667c.
HMR	'Hearth Money Rolls for County Dublin, 1664', G. B. Cary (1922–28) & (1930–33), *Journal of the County Kildare Archaeological Society*, iml. X, 245-54; iml. XI, 386-466.
HSP	*The History and Antiquities of the Collegiate and Cathedral Church of St. Patrick near Dublin from its foundation in 1190 to the year 1819,* W. Monck Mason. BÁC, 1820.
Iar Conn.	*A Chorographical description of West or h-Iar Connaught ... 1684 ..., /by Roderic O'Flaherty ... ; edited from a ms. in Trinity College Dublin with notes and illustrations, by James Hardiman, M.R.I.A.*, eag. J. Hardiman. BÁC, 1846.
LÉ Blake	Léarscáileanna Eastáit Blake. LSS sa Leabharlann Náisiúnta (21 F. 74).
LS Cotton	A division of the province of Connaught into counties, and of the counties into baronies, with notes of the castles, &c. therein. 1586. ff. 399-401. LS le fáil i Leabharlann na Breataine.
OED	*Oxford English Dictionary*, ar fáil ar líne ag http://www.oed.com/.
Onom.	*Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae An index, with identifications, to the Gaelic names of places and tribes,* eag. E. Hogan. BÁC, 1910. Is é leagan leictreonach LOCUS (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) a úsáidtear sa pháipéar seo. Ar fáil ag: http://publish.ucc.ie/doi/locus.
Inq.	*Inquisitionum in officio rotulorum cancellariae Hiberniae asservatarum repertorium I (Lagenia),* eag. J. Hardiman. BÁC, 1826.
Larkin (IM)	Léarscáil de Cho. na hIarmhí (le haghaidh an *Grand Jury*), W. Larkin. BÁC, 1808.
Larkin (Ga)	Léarscáil de Cho. na Gaillimhe (le haghaidh an *Grand Jury*), W. Larkin. BÁC, 1819.
LED	Landed Estates Database (OÉ Gaillimh). Ar fáil ar líne ag http://www.landedestates.ie/.
LGen.	*Leabhar mór na ngenealach / The great book of Irish genealogies, compiled (1645–66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* I-V, eag. N. Ó Muraíle. BÁC, 2003.

RPat. Cl. *Rotulorum patentium et clausorum Cancellariae Hiberniae calendarium I (*Hen. II – Hen. VII), eag. E. Tresham. BÁC, 1828. Tá an fhoinse seo le fáil ar líne anois. Féach: http://chancery.tcd.ie/images/rch?page=14.

TAB Tithe Applotment Books – LSS sa Chartlann Náisiúnta, BÁC. Ar fáil ar líne ag http://titheapplotmentbooks.nationalarchives.ie/search/tab/home.jsp.